UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

NÓSANNA IMEACHTA CHUN FOIREANN ACADÚIL A EARCÚ / A CHEAPADH.

Arna bhfaomhadh ag an Údarás Rialaithe an 22 Samhain 2011

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

Nósanna Imeachta chun Foireann Acadúil a Earcú/ a Cheapadh

Brollach

Tugtar sracléiriú sa doiciméad atá i gceangal leis seo ar na nósanna imeachta chun Foireann Acadúil in Ollscoil Luimnigh a earcú / a cheapadh. I gcomhlíonadh nósanna imeachta agus gnásanna maidir le hearcú agus ceapadh san earnáil phoiblí, déanfar na folúntais shubstaintiúla go léir, ar 12 mhí nó níos faide a ré, ach amháin poist ar ardú céime chomhaontaithe iad laistigh den Ollscoil, a fhógairt agus beidh siad faoi réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Soláthrófar don Údarás Rialaitheliosta de na ceapacháin chonartha go léir ar giorra ná bliain amháin ré.

Is é is cuspóir leis na nósanna imeachta seo foireann mhaith a mhealladh agus a roghnú trí nós imeachta cothrom, trédhearcach agus éifeachtach.

Comhcheapacháin Acadúla arna mbainistiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP):

Níl feidhm ag na nósanna imeachta seo i gcás Comhcheapachán Acadúil a leanann as comórtais arna mbainistiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Cuirfear ceapacháin den sórt sin faoi bhráid an Údarás Rialaithe le go dtabharfaidh an tÚdarás Rialaithe dá aire iad.

Déantar comórtais arna mbainistiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a sheoladh i gcomhréir le Cóid Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Beidh ionadaí ag Ollscoil Luimnigh ar gach bord roghnúcháin i gcomhair comhcheapachán acadúil.

NÓSANNA IMEACHTA CHUN FOIREANN ACADÚIL A EARCÚ/ A CHEAPADH

1. Post a Líonadh

1.1 Déanfaidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir/Déan/Ceann Roinne, de réir mar is cuí, socrú chun pacáiste earcaíochta a chríochnú a mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann:

i. An fhoirm údarúcháin a mbeidh na sonraí seo a leanas ar áireamh uirthi:

a. Grád
b. Cód an Phoist
c. Cód Costais
d. Cineál agus ré an chonartha

ii. Dréacht-Fhógrán
iii. Na Meáin Bheartaithe
iv. Dréacht-fhaisnéis d'iarrthóirí
v. Dréacht-fhaisnéis don Bhord Roghnúcháin
vi. Comhaltaí Beartaithe an Bhoird Roghnúcháin.

1.2 Ní fhéadfaidh pearsa aonair atá bainteach le pacáiste earcaíochta a ullmhú a bheith ina iarrthóir nó ina hiarrthóir ar an bpost sin. Ba chóir easaontas leasa gairmiúil nó pearsanta a fhógairt don Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó dá ainmnitheach nó dá hainmnitheach sula n-ullmhófar an pacáiste earcaíochta.

1.3 Is gá a n-údarú seo a leanas a fháil i leith an phacáiste earcaíochta agus sin de réir an oird seo a leanas:

i. Ceann na Roinne – i gcás ina mbeidh an post sannta do roinn shonrach
ii. An Déan – i gcás ina mbeidh an post sannta do Dhámh shonrach;
iii. An Rannán Airgeadais
iv. An Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach;
v. An Stiúrthóir sa Rannán Acmhainní Daonna nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach.

2. Fógraíocht

2.1 Déanfar na folúntais go léir le haghaidh post ar an bhfoireann adacúil a fhógairt go hinmheánach agus go seachtrach. Féadfar an fhógraíocht a chur sna nuachtáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, i sain-irisleabhair agus sna meáin leictreonacha de réir mar is cuí. Ina theannta sin, féadfar na folúntais a scaipeadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar ollscoileanna, forais taighde nó comhlachtaí cuí eile arna roghnú. Cuirfear na fógráin go léir ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh.

2.2 Soiléireofar i ngach fógrán san fhoclaíocht agus sa chur i láthair iontu go bhfuil cead chun cur isteach ar an bpost ag iarrthóirí fir agus iarrthóirí mná atá cáilithe go cuí, tríd an méid sin a rá go sonrach. Beidh ráiteas i ngach fógran faoi thiomantas na hOllscoile i leith deiseanna comhionannais.

3. Ról Rannóg na nAcmhainní Daonna

3.1 Beidh Rannóg na nAcmhainní Daonna freagrach as an bpróiseas earcaíochta a riar, as a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta seo go hiomlán agus soláthróidh sí comhairle maidir leis an bpróiseas de réir mar is gá.

3.2 Cuirfidh Rannóg na nAcmhainní Daonna faoi deara go bhfíorófar an fhianaise dhoiciméadach ar cháilíochtaí, teistiméireachtaí agus critéir riachtanacha eile de chuid an iarrthóra mholta agus, nuair is cuí, socróidh sí scrúdú leighis réamhfhostaíochta.

4. Scagadh agus Gearrliostú

4.1 Tar éis don dáta chun iarratais a chur isteach a bheith caite, beidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach, le cúnamh óRannóg na nAcmhainní Daonna, freagrach as scagadh a dhéanamh ar na hiarratais go léir chun a chinntiú nach mbreithneofar aon duine ach amháin iarrthóirí ag a bhfuil na cáilíochtaí íosta arna lua lena ngearrliostú ag an mBord Roghnúcháin. Féadfaidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach moladh a dhéanamh maidir leis an líon iarrthóirí a bheidh ar an ngearrliosta ag an bpointe seo nó féadfaidh sé nó sí a chinneadh go ndéanfar na hiarrthóirí go léir, ag a bhfuil na cáilíochtaí íosta arna lua, a chur faoi agallamh.

4.2 Faoi réir 4.1 thuas molfaidh comhaltaí an Bhoird Roghnúcháin gearrliosta le haghaidh agallamh as an liosta iarrthóirí in aghaidh na gcritéar arna lua san fhógrán agus san fhaisnéis d'iarrthóirí. Is de réir na moltaí a gheofar ón mBord Roghnúcháin tar éis do Rannóg na nAcmhainní Daonna dul i gcomhairle leis an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach a chinnfear an liosta deiridh d'iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh.

5. Teistiméireachtaí

5.1 Soláthróidh gach iarrthóir a ghlaofar chun agallaimh ar a laghad trí theistiméireacht ghairmiúla don Rannán Acmhainní Daonna roimh na hagallaimh. I gcás nach soláthrófar teistiméireachtaí glacfar nóta de na cúiseanna nach bhfuil siad ar fáil. I gcás ina measfaidh an tUachtarán agus/nó Stiúrthóir an Rannáin Acmhainní Daonna nó a n-ainmnithigh gur gá é agus tar éis an méid sin a chur in iúl don iarrthóir, féadfar teistiméireachtaí breise a iarraidh ar phearsana aonair nach mbeidh

ainmnithe ag an iarrthóir. Ní dhéanfar aon tairiscint cheapacháin go dtí go bhfaighfear teistiméireachtaí sásúla.

6. Comhdhéanamh an Bhoird Roghnúcháin

6.1 Tá sé de cheart ag an Uachtarán a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon Bhord Roghnúcháin nó pearsa aonair a ainmniú chun bheith ar Bhord Roghnúcháin.

6.2 Beidh idir fhir agus mhná ar gach Bord Roghnúcháin.

6.3 Beidh an Bord Roghnúcháin le haghaidh leibhéal éagsúil ceapachán comhdhéanta mar a leanas faoi réir líon uasta 10 comhalta a bheith ar aon Bhord Roghnúcháin:

6.4 Ollamh/Ollamh Comhlach

1. Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach);
2. Ar a laghad beirt Shaineolaithe Ábhair Sheachtracha ; (i gcás go mbaineann siad leis an saol acadúil, ní mór gur ag leibhéal Ollaimh/Ceann Roinne atá siad)
3. Ceann Roinne (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Roinn shonrach;
4. Déan (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Dhámh shonrach;
5. Leas-Uachtarán, Taighde (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach);
6. Ar a laghad Acadóir Inmheánach amháin ag leibhéal Ollaimh a bheidh ainmnithe ag an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir. Más indéanta ba chóir gur saineolaí ábhair inmheánach an t-ainmnitheach sin.

Léachtóir Sinsearach

1. Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach)
2. Ar a laghad beirt Shaineolaithe Ábhair Sheachtracha ; (i gcás go mbaineann siad leis an saol acadúil, ní mór gur ag leibhéal Léachtóra Shinsearaigh nó os a chionn)
3. Ceann Roinne (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Roinn shonrach;
4. Déan (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Dhámh shonrach;
5. Ar a laghad Acadóir Inmheánach amháin ag leibhéal Léachtóra Shinsearaigh nó os a chionn a bheidh ainmnithe ag an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir. Más indéanta ba chóir gur saineolaí ábhair inmheánach an t-ainmnitheach sin.

Léachtóir faoi bhun an deighilteora tuillteanais/Léachtóir Léachtóir os cionn an deighilteora tuillteanais

1. Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach);
2. Ar a laghad aon Saineolaí Seachtrach Ábhair amháin; (i gcás go mbaineann siad leis an saol acadúil, ní mór gur ag leibhéal Léachtóra nó os a chionn atá siad)
3. Ceann Roinne (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Roinn shonrach;
4. Déan (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach) i gcás ina mbeidh an post sannta do Dhámh shonrach;
5. Ar a laghad Acadóir Inmheánach amháin ag leibhéal Léachtóra nó os a chionn a bheidh ainmnithe ag an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir. Más indéanta ba chóir gur saineolaí ábhair inmheánach an t-ainmnitheach sin.

Teagascóir Cúnta

1. Ceann Roinne (nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach);
2. Ar a laghad acadóir inmheánach amháin a bheidh ainmnithe ag an Déan;
3. Ar a laghad acadóir inmheánach amháin a bheidh ainmnithe ag an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach

6.5 Ní fhágtar an Bord Roghnúcháin neamhbhailí de bharr comhalta is iarrthóir gan a bheith ann.

6.6 Comhalta de Bhord Roghnúcháin gan a bheith ar fáil

6.6.1 I gcás nach mbeidh comhalta(í) de Bhord Roghnúcháin ar fáil, is faoin Uachtarán nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach a bheidh sé duine nó daoine ionaid a ainmniú nó a chinneadh cibé acu an leanfar ar aghaidh leis na hagallaimh nó nach leanfar.

6.7 Cathaoirleach an Bhoird

6.7.1 Is é nó is í an tUachtarán a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord Roghnúcháin nó a ainmneoidh comhalta den Bhord Roghnúcháin chun gníomhú mar chathaoirleach ar an mBord.

6.7.2 I dteannta a bheith ina chomhalta nó ina comhalta iomlán den Bhord Roghnúcháin, cinnteoidh an Cathaoirleach go ndéileálfar le gach iarrthóir ar bhealach comhsheasmhach cothrom le linn agallamh a sheoladh.

6.7.3 Iarrfaidh an Cathaoirleach go sonrach ar gach comhalta den Bhord Roghnúcháin aon easaontas leasa a chur in iúl a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le haon iarrthóirí a thiocfaidh os comhair an Bhoird.

6.7.4 Beidh an Cathaoirleach freagrach as tuarascáil/tuarascálacha an Bhoird Roghnúcháin a chomhlánú an tráth a thabharfar imeachtaí an Bhoird Roghnúcháin chun críche.

6.8 Ról Ionadaí Rannóg na nAcmhainní Daonna

6.8.1 Freastalóidh ionadaí ón Rannán Acmhainní Daonna ar thús agus ar dheireadh gach cruinniú de chuid an Bhoird Roghnúcháin. Ní bheidh an tIonadaí Acmhainní Daonna i láthair le linn na n-agallamh. Tabharfaidh an tIonadaí Acmhainní Daonna mionteagasc don Bhord Roghnúcháin maidir le beartas, nósanna imeachta, reachtaíocht ábhartha, scóráil, formáid cheisteanna agus beidh sé nó sí ar fáil i gcáil tacaíochta agus chomhairleach i gcaitheamh an phróisis. Beidh sé nó sí ar fáil chun comhairle a thabhairt don Chathaoirleach maidir le nithe a bhaineann le hoibriú na nósanna imeachta seo agus maidir le haon nithe iomchuí eile.

6.8.2 Tiocfaidh an tIonadaí Acmhainní Daonna i láthair nuair a chríochnaítear na hagallaimh agus sula dtosaíonn an Bord Roghnúcháin ar an scóráil. Déanfaidh an tIonadaí Acmhainní Daonna an doiciméadacht go léir a fhíorú agus tabharfaidh sé nó sí faisnéis don Bhord Roghnúcháin. Coinneoidh an tIonadaí Acmhainní Daonna an doiciméadacht go léir a bhaineann le cinneadh an Bhoird agus tabharfaidh sé nó sí comhairle agus cúnamh don Chathaoirleach le linn Tuarascáil an Bhoird Roghnúcháin a chur i dtoll a chéile.

6.9 Cur i Láthair

6.9.1 Gach iarrthóir a roghnófar chun agallamh a dhéanamh le haghaidh poist (ach amháin ag leibhéal cúntóra teagaisc) ceanglófar air nó uirthi cur i láthair poiblí a dhéanamh. Cuirfear ábhar an chur i láthair in iúl d'iarrthóirí roimh ré. Cuirfidh Rannóg na nAcmhainní Daonna in iúl do phobal na hOllscoile go mbeidh an cur i láthair poiblí ann, ní fhéadfaidh iarrthóirí eile freastal ar an gcur i láthair áfach. Ceanglófar ar gach comhalta den Bhord Roghnúcháin freastal ar gach cur i láthair agus cuirfidh siad i gcuntas feidhmíocht na n-iarrthóirí ag an gcéanna. Is é nó is í Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin a bheidh mar chathaoirleach ar na cuir i láthair.

6.10 An tAgallamh

6.10.1 Roimh an agallamh, comhaontóidh an Bord Roghnúcháin formáid le haghaidh na n-agallamh. Beidh ar áireamh ann príomhréimsí na gceisteanna a chuirfear agus ceadú córais scórála a bheidh comhaontaithe. Is de réir mar a bheidh luaite san fhógrán agus san fhaisnéis d'iarrthóirí a bheidh na critéir a measúnófar iarrthóirí dá réir.

6.10.2 Tabharfaidh gach comhalta den Bhord Roghnúcháin measúnú ar na hiarrthóirí de réir na gcritéar comhaontaithe. Féachfaidh an Bord Roghnúcháin le teacht chun comhréitigh i dtaobh ord rangaithe

iarrthóirí incheaptha. Más rud é go rachaidh den Bhord Roghnúcháin cinneadh a dhéanamh d'aon ghuth, ní mór tuarascáil thromlaigh agus tuarascáil mhionlaigh araon a ullmhú.

6.10.3 I gcás nach mbeidh an tUachtarán ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar Bhord Roghnúcháin, cuirfear tuarascáil/tuarascálacha an Bhoird Roghnúcháin ar aghaidh chuige nó chuici agus cuirfear an céanna faoi bhráid an Údaráis Rialaithe. Féadfaidh an tUachtarán más mian leis nó léi é, tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil/ar thuarascálacha an Bhoird Roghnúcháin, a thuairim nó a tuairim a chur mar aguisín leis an tuarascáil nó leis na tuarascálacha le go ndéanfaidh an tÚdarás Rialaithe breithniú ar an tuairim sin. Is é an tÚdarás Rialaithe a dhéanfaidh na ceapacháin uile chun na foirne Acadúla. Cinntí críochnaitheacha atá i gcinntí an Údaráis Rialaithe maidir le ceapacháin.

7. Modhanna Roghnúcháin Breise

7.1 Féadfar teicnící breise measúnachta a chur leis na nósanna imeachta atá leagtha amach thuas de réir mar a chinnfidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach.

8. Nós Imeachta Cuardaigh

8.1 Féadfar nós imeachta cuardaigh a chur leis an bpróiseas arb éard é iarratais a iarraidh chun poist ar an bhfoireann teagaisc a líonadh. Féadfaidh Coiste Cuardaigh, arna cheapadh ag an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach i gcomhairle leis an Rannán Acmhainní Daonna, aithint iarrthóirí trí nós imeachta cuardaigh a ghabháil de láimh. Caithfidh nach nglacfaidh an próiseas cuardaigh ionad an chomórtais oscailte a éilítear le nósanna imeachta na hOllscoile. Ní cóir go bhfónfaidh níos mó ná beirt atá bainteach leis an gCoiste Cuardaigh ar an gCoiste Roghnúcháin ina dhiaidh sin. Ní mór d'iarrthóirí a aithnítear tríd an bpróiseas cuardaigh iarratas a dhéanamh ar na téarmaí céanna leis na hiarrthóirí a mhealltar leis an bhfógrán poiblí. Cuirfidh an tIonadaí ón Rannán HR in iúl don Bhord Roghnúcháin cé na hiarrthóirí a tháinig tríd an bpróiseas cuardaigh.

9. Fógra a thabhairt maidir le toradh an Phróisis Roghnúcháin

9.1 Ceanglófar ar gach iarrthóir seoladh a thabhairt chun teachtaireachtaí a fháil. Is faoi na hiarrthóirí go léir atá sé iad féin a chur ar fáil le dul faoi agallamh (má chuirtear ar an ngearrliosta iad) ar an dáta a shonrófar agus cibé socruithe a dhéanamh is gá chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a chuirfear chucu ag an seoladh a shonrófar ar a bhfoirm iarratais.

Gheobhaidh gach iarrthóir nach gcuirfear ar an ngearrliosta fógra i scríbhinn á rá sin nuair a bheidh an próiseas gearrliostaithe

críochnaithe. Tabharfaidh Rannóg na nAcmhainní Daonna fógra i scríbhinn do na hiarrthóirí go léir ar cuireadh agallamh orthu maidir leis an toradh a bhí ar a n-iarratas a luaithe is féidir. I gcás na n-iarrthóirí ar éirigh leo, cuirfear in iúl san fhógra sin go bhfuil an moladh faoi réir a cheadaithe ag an Údarás Rialaithe.

9.2 Cé go mbeidh breithniú Boird Roghnúcháin faoi rún, féadfaidh an Bord comhalta a ainmniú chun toradh a bhreithnithe a chur in iúl ó bhéal d'iarrthóirí. Ba chóir go mbeidh sé soiléir ón teachtaireacht sin go bhfuil moladh an Bhoird Roghnúcháin faoi réir a cheadaithe ag an Údarás Rialaithe.

9.3 I gcás ina measfaidh Bord Roghnúcháin go bhfuil iarrthóir(í) eile oiriúnach lena cheapadh, lena ceapadh nó lena gceapadh, coinneofar an t-ainm/na hainmneacha ar chomhad go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta an agallaimh. Dá dtiocfadh an post chun bheith folamh ar aon chúis le linn na tréimhse sin, féadfar iarrthóir(í) eile a mheasfar a bheith oiriúnach a mholadh don Údarás Rialaithe lena cheapadh, lena ceapadh nó lena gceapadh de réir oird chéimnithe. Ina theannta sin, féadfaidh an bainisteoir iomchuí, le comhaontú o Stiúrthóir Rannóg na nAcmhainní Daonna nó a ainmnithigh nó a hainmnithigh, a chinneadh go bhféadfar cibé iarrthóir(í) a mheasfar a bheith oiriúnach lena cheapadh, lena ceapadh nó lena gceapadh a mholadh don Údarás Rialaithe de réir oird chéimnithe dá dtiocfadh post nó poist a bheadh díreach mar an gcéanna chun bheith folamh le linn na tréimhse sin laistigh de réimse shonrach an bhainisteora iomchuí.

10. Próiseas Athbhreithnithe

10.1 Féadfaidh iarrthóir a iarraidh ar an Údarás Rialaithe moladh ó Bhord Roghnúcháin a athbhreithniú ar na forais gur léir nár cloíodh leis na nósanna imeachta oibríochta seo, rud a rinne difear don toradh don iarrthóir.

10.2 Chun athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, cuirfidh an t-iarrthóir in iúl i scríbhinn don Rúnaí Corparáideach go bhfuil sé ar intinn aige nó aici athbhreithniú a iarraidh laistigh de sheachtain amháin i ndiaidh an fhógra faoi thoradh a iarratais nó a hiarratais. Ní mór go gcuirfear an creat ama sin i gcuntas i ngach moladh le haghaidh ceapachán a chuirfear faoi bhráid an Údaráis Rialathe d'fhonn athbhreithniú a éascú más gá é.

10.3 Déanfaidh an t-iarrthóir aighneacht i scríbhinn ina leagfar amach na forais go léir atá lena iarraidh nó lena hiarraidh ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an Rúnaí Corparáideach laistigh de dhá sheachtain tar éis an fhógra maidir leis an toradh ar a iarratas nó a hiarratas. Cuirfidh an Rúnaí Corparáideach in iúl don Stiúrthóir Acmhainní Daonna go bhfuil athbhreithniú iarrtha. Cuirfidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin go bhfuil athbhreithniú iarrtha.

10.4 Ar fhógra a fháil maidir le hiarraidh ar athbhreithniú, ceapfaidh an tÚdarás Rialaithe Coiste Athbhreithnithe ar a mbeidh triúr dá chomhaltaí (agus ní oifigeach sinsearach de chuid na hOllscoile aon duine acu), agus beidh duine acu ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste. Eisiafaidh comhaltaí an Choiste iad féin ó chinneadh de chuid an Údaráis Rialaithe maidir le ceapachán a bhí ina ábhar d'athbhreithniú acu.

10.5 Más deimhin leis go dtagann an t-iarratas faoi réim théarmaí 10.1 thuas, cinnfidh an Coiste Athbhreithnithe conas a sheolfar an t-athbhreithniú. Críochnófar aon athbhreithniú den sórt sin laistigh de chreat ama réasúnach. Cuirfear cinneadh réasúnaithe an Choiste Athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis Rialaithe agus soláthrófar é ina dhiaidh sin don iarrthóir, don Rannán Acmhainní Daonna agus do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin.

10.6 Tar éis cinneadh an Choiste Athbhreithnithe a fháil, cinnfidh an tÚdarás Rialaithe cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar ceapachán agus is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Údaráis Rialaithe ar an ábhar sin.